



DÁIL ÉIREANN

Dé hAoine, 16 Nollaig, 2011
Friday, 16th December, 2011

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Dé hAoine, 16 Nollaig, 2011
Friday, 16th December, 2011

10.30 a.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

- 11a.** Tairiscint *maidir le* Buan-Ordú 27A.
Motion *re* Standing Order 27A.
- 12.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Ordú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal) (Poblacht Chónaidhme na Gearmáine), 2011 [*Arna bhreithniú ag an Roghfhochoiste um Airgeadas an 14 Nollaig, 2011*].
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Double Taxation Relief (Taxes on Income and Capital) (Federal Republic of Germany) Order 2011 [*Considered by the Select sub-Committee on Finance on 14th December, 2011*].
- 13.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Ordú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Ríocht na hAraibe Sádaí), 2011 [*Arna bhreithniú ag an Roghfhochoiste um Airgeadas an 14 Nollaig, 2011*].
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Double Taxation Relief (Taxes on Income) (Kingdom of Saudi Arabia) Order 2011 [*Considered by the Select sub-Committee on Finance on 14th December, 2011*].
- 14.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Ordú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal) (Poblacht na hAirméine), 2011 [*Arna bhreithniú ag an Roghfhochoiste um Airgeadas an 14 Nollaig, 2011*].
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Double Taxation Relief (Taxes on Income and on Capital) (Republic of Armenia) Order 2011 [*Considered by the Select sub-Committee on Finance on 14th December, 2011*].
- 15.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Ordú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Ghnóchain Chaipitiúla) (Poblacht Phanama), 2011 [*Arna bhreithniú ag an Roghfhochoiste um Airgeadas an 14 Nollaig, 2011*].
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Double Taxation Relief (Taxes on Income and Capital Gains) (Republic of Panama) Order 2011 [*Considered by the Select sub-Committee on Finance on 14th December, 2011*].
- 16.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Ordú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cúrsaí Cánach (Poblacht Vanuatú), 2011 [*Arna bhreithniú ag an Roghfhochoiste um Airgeadas an 14 Nollaig, 2011*].

Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Exchange of Information relating to Tax Matters (The Republic of Vanuatu) Order 2011 [*Considered by the Select sub-Committee on Finance on 14th December, 2011*].

17. Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Ordú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cúrsaí Cánach (Grenada), 2011 [*Arna bhreithniú ag an Roghfhochoiste um Airgeadas an 14 Nollaig, 2011*].

Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Exchange of Information Relating to Tax Matters (Grenada) Order 2011 [*Considered by the Select sub-Committee on Finance on 14th December, 2011*].

6. An Bille um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú) (Uimh. 2), 2011 — An Dara Céim (*atógáil*).

Bretton Woods Agreements (Amendment) (No. 2) Bill 2011 — Second Stage (*resumed*).

8. An Bille um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2011 — Ordú don Dara Céim.
Legal Services Regulation Bill 2011 — Order for Second Stage.

FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA NOTICE OF NEW BUSINESS

- a10a.** An Bille um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2011 — Ordú don Dara Céim.

Protection of Employees (Temporary Agency Work) Bill 2011 — Order for Second Stage.

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí a thionscnamh : Initiation of Bills

Tíolactha:

Presented:

- 8.** An Bille um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2011 — Ordú don Dara Céim.
Legal Services Regulation Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le soláthar seirbhísí dlí a rialáil, do dhéanamh socrú chun an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí a bhunú, do dhéanamh socrú chun an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí a bhunú chun cinntí a dhéanamh i dtaobh mí-iompair ag dlí-chleachtóirí, do dhéanamh socrú maidir le struchtúir nua ina bhféadfaidh dlí-chleachtóirí seirbhísí a sholáthar le chéile nó le daoine eile, do dhéanamh socrú maidir le rolla d'abhcóidí cleachtacha a bhunú, do dhéanamh socrú maidir leis an dlí a bhaineann le dlí-chleachtóirí do mhuirearú costas agus maidir leis an gcóras trína ndéantar measúnú ar chostais a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a athchóiriú, do dhéanamh socrú maidir leis an modh ar a gceapfar daoine chun bheith ina nAbhcóidí Sinsir, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for the regulation of the provision of legal services, to provide for the establishment of the Legal Services Regulatory Authority, to provide for the establishment of the Legal Practitioners Disciplinary Tribunal to make determinations as to misconduct by legal practitioners, to provide for new structures in which legal practitioners may provide services together or with others, to provide for the establishment of a roll of practising barristers, to provide for reform of the law relating to the charging of costs by legal practitioners and the system of the assessment of costs relating to the provision of legal services, to provide for the manner of appointment of persons to be Senior Counsel, and to provide for related matters.

—An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

- a10a.** An Bille um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2011 — Ordú don Dara Céim.

Protection of Employees (Temporary Agency Work) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do thabhairt éifeachta do Threoir 2008/104/CE an 19 Samhain 2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hobair gníomhaireachta shealadach; chun na críche sin do leasú achtachán áirithe; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

Bill entitled an Act to give effect to Directive 2008/104/EC of the European Parliament and of the Council of 19 November 2008 on temporary agency work; for that purpose to amend certain enactments; and to provide for matters connected therewith.

—An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Fógraí Tairisceana : Notices of Motions

11a. “D’ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, nó i Rún an 21 Iúil, 2011, ón Dáil, go ndéantar na leasuithe seo a leanas ar Bhuan-Ordú 27A de Bhuan-Orduithe Dháil Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí, go dtí go bhfógrófar a mhalairt sa 31ú Dáil:

(a) i mír (1), ‘ar ní é a bhféadfaidh ábhair náisiúnta nó idirnáisiúnta a bheith ar áireamh ann’ a chur isteach i ndiaidh ‘mar shaincheist thráthúil’, agus

(b) i mír (4) –

(i) an coinníoll seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (d)–

‘: Ar choinníoll, i gcás go mbeidh ní a mbeidh fógra bailí tugtha ag níos mó ná aon chomhalta amháin ina leith roghnaithe ag an gCeann Comhairle, go bhféadfaidh sé na tréimhsí ama a thabharfaí de ghnáth do dhá shaincheist thráthúla a chur le chéile agus is é a bheidh sa bhreithniú –

(e) ráiteas ó gach comhalta a thug fógra agus ní faide ná 10 nóiméad ar an iomlán é,

(f) ráiteas freagartha nach faide ná 4 nóiméad ó chomhalta den Rialtas nó ó Aire Stáit,

(g) ráiteas breise ó gach comhalta a thug fógra, agus ní faide ná 5 nóiméad ar an iomlán é, agus

(h) ráiteas clabhsúir nach faide ná 2 nóiméad ón gcomhalta den Rialtas nó ón Aire Stáit lena mbaineann:’, agus

(ii) ‘fairis sin’ a chur isteach i ndiaidh ‘Ar choinníoll’.

That, notwithstanding anything in Standing Orders or the Resolution of the Dáil of 21st July, 2011, the following amendments be made to Standing Order 27A of the Standing Orders of Dáil Éireann relative to Public Business until further notice in the 31st Dáil:

(a) in paragraph (1), after ‘topical issue’, the insertion of ‘and which may include matters of a national or international nature’, and

(b) in paragraph (4) –

(i) after subparagraph (d), the insertion of the following proviso–

‘: Provided that where the Ceann Comhairle has selected a matter of which valid notice has been given by more than one member he may aggregate the time that would ordinarily be assigned to two topical issues and consideration shall consist of –

(e) a statement by each of the members who have given notice which shall not exceed 10 minutes in the aggregate,

(f) a statement in reply by a member of the Government or Minister of State which shall not exceed 4 minutes,

(g) a further statement by each of the members who have given notice which shall not exceed 5 minutes in the aggregate, and

(h) a concluding statement by the member of the Government or Minister of State concerned which shall not exceed 2 minutes:’, and

(ii) after ‘Provided’, the insertion of ‘further’.”

—*Pól Mac Eochaidh, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

- 12.** “Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:
- An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal) (Poblacht Chónaidhme na Gearmáine), 2011,
- ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 25 Samhain, 2011.
- That Dáil Éireann approves the following Order in draft:
- Double Taxation Relief (Taxes on Income and Capital) (Federal Republic of Germany) Order 2011,
- a copy of which was laid before Dáil Éireann on 25th November, 2011.”

—*An tAire Airgeadais.*

- 13.** “Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:
- An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Ríocht na hAraibe Sádaí), 2011,
- ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 25 Samhain, 2011.
- That Dáil Éireann approves the following Order in draft:
- Double Taxation Relief (Taxes on Income) (Kingdom of Saudi Arabia) Order 2011,
- a copy of which was laid before Dáil Éireann on 25th November, 2011.”

—*An tAire Airgeadais.*

- 14.** “Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:
- An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal) (Poblacht na hAirméine), 2011,
- ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 25 Samhain, 2011.
- That Dáil Éireann approves the following Order in draft:
- Double Taxation Relief (Taxes on Income and on Capital) (Republic of Armenia) Order 2011,
- a copy of which was laid before Dáil Éireann on 25th November, 2011.”

—*An tAire Airgeadais.*

- 15.** “Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:
- An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Ghnóchain Chaipitiúla) (Poblacht Phanama), 2011,
- That Dáil Éireann approves the following Order in draft:
- Double Taxation Relief (Taxes on Income and Capital Gains) (Republic of Panama) Order 2011,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 30 Samhain, 2011.

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 30th November, 2011.”

—*An tAire Airgeadais.*

16. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:

That Dáil Éireann approves the following Order in draft:

An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cúrsaí Cánach (Poblacht Vanuatú), 2011,

Exchange of Information relating to Tax Matters (The Republic of Vanuatu) Order 2011,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 25 Samhain, 2011.

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 25th November, 2011.”

—*An tAire Airgeadais.*

17. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:

That Dáil Éireann approves the following Order in draft:

An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cúrsaí Cánach (Grenada), 2011,

Exchange of Information Relating to Tax Matters (Grenada) Order 2011,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 25 Samhain, 2011.

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 25th November, 2011.”

—*An tAire Airgeadais.*

ORDUITHE AN LAE ORDERS OF THE DAY

6. An Bille um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú) (Uimh. 2), 2011 — An Dara Céim (*atógáil*).
Bretton Woods Agreements (Amendment) (No. 2) Bill 2011 — Second Stage (*resumed*).

SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

Reachtúil:

Statutory:

1) Ráiteas maidir leis na cáilíochtaí de chuid an Chomhairleora Speisialta (Preas), Kathleen Barrington, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Siobhán de Bhurtúin, Aire den Rialtas ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, is iomchuí maidir lena feidhmeanna mar Chomhairleoir Speisialta, de bhun alt 19(4)(d) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

1) Statement of the qualifications of Special Adviser (Press), Kathleen Barrington, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Joan Burton, Minister of the Government at the Department of Social Protection, relevant to her functions as a Special Adviser pursuant to section 19(4)(d) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

2) Ráiteas maidir leis na cáilíochtaí de chuid an Chomhairleora Speisialta, Edward Brophy, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Chomhairleoir Speisialta don Teachta Siobhán de Bhurtúin, Aire den Rialtas ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, is iomchuí maidir lena fheidhmeanna mar Chomhairleoir Speisialta, de bhun alt 19(4)(d) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

2) Statement of the qualifications of Special Adviser, Edward Brophy, who acts or acted as a Special Adviser to Deputy Joan Burton, Minister of the Government at the Department of Social Protection, relevant to his functions as a Special Adviser pursuant to section 19(4)(d) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

3) An tOmbudsman Pinsean. Tuarascáil Bhliantúil, 2010.

3) Pensions Ombudsman. Annual Report, 2010.

4) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialuithe Oifigiúla ar Allmhairiú Bia nach de Bhunadh Ainmhióch le haghaidh Iarmhar Lotnaidicídí) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 640 de 2011).

4) European Communities (Official Controls on the Import of Food of Non-Animal Origin for Pesticide Residues) (Amendment) Regulations 2011 (S. I. No. 640 of 2011).

Neamhreachtúil:

Non-Statutory:

1) Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cúnamh Frithphárteach chun Éilimh a bhaineann le Cánacha, Dleachtanna agus Bearta Eile a Ghnóthú), 2011 (I.R. Uimh. 643 de 2011).

1) European Union (Mutual Assistance for Recovery of Claims relating to Taxes, Duties and Other Measures) Regulations 2011 (S. I. No. 643 of 2011).

2) Tithe an Oireachtais. An Conradh ar an Aontas Eorpach: Doiciméid a fuarthas de bhun an Phrótacail maidir le ról Parlaimintí Náisiúnta san Aontas Eorpach. 21 go 25 Samhain, 2011.

2) Houses of the Oireachtas. Treaty on European Union: Documents received pursuant to Protocol on the role of National Parliaments in the European Union. 21 to 25 November, 2011.